C/2025/2737

12.5.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/2737)

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Salamini italiani alla cacciatora'

PDO-IT-1301-AM02 — 17.2.2025

1. **Ainm an táirge**

'Salamini italiani alla cacciatora'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☒ Ainmniuchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC)

☐ Tásc Geografach faoi Chosaint (TGFC)

☐ Tásc Geografach (TG)

3. **Earnáil**

☒ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

an Iodáil

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

An Aireacht Talmhaíochta, Biafhlaithis agus Foraoiseachta - An Roinn Biafhlaithis agus Spóirt Eachaíochta

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Maidir leis na leasuithe ar an tsonraíocht táirge le haghaidh ATFC Salamini italiani alla cacciatora:

— níl i gceist leo athrú ar ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint ná ar ainm an táisc gheografaigh faoi chosaint, ná ar úsáid an ainm sin;

— níl baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc dá dtagraítear in Airteagal 5(1), pointe (b), i dtaca le hainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint ná an nasc dá dtagraítear in Airteagal 5(2), pointe (b), i dtaca le tásca geografacha faoi chosaint ar neamhní; nó

— níl srianta breise ar chur ar an margadh an táirge i gceist leo.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú (nó ar na leasuithe) formheasta**

1. *Leasú ar Airteagal 1*

Leasú 1

Baineann an leasú le hAirteagal 1 den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Leis an leasú cuirtear Rialachán (AE) 2024/1143 in ionad Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

2. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 2

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Leis an leasú, sonraítear nach mór na muca a ghearradh freisin i réigiúin Friuli-Venezia Giulia, Veneto, na Lombairde, Phíodmant, Emilia-Romagna, Umbria, na Tuscáine, Marche, Abruzzo, Lazio agus Molise.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

3. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 3

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír, den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.3 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear isteach roinn shonrach maidir le 'Saintréithe géiniteacha'. Soiléiríodh tionscnamh géiniteach na muc as a dtionscnaítear an t-amhábhar i ndáil le cineál géiniteach na n-ainmhithe pórúcháin, idir fhireann agus bhaineann, trí na teaglamaí géiniteacha ceadaithe a áireamh. Dá bhrí sin, cuireadh tagairt nua in ionad na tagartha do shaintréithe muc le haghaidh ATFC Prosciutto di Parma agus ATFC Prosciutto di San Daniele.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

4. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 4

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear isteach tábla ina mínítear na ceanglais ghéiniteacha le haghaidh muc ag a bhfuil na teaglamaí ceadaithe agus neamhcheadaithe.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

5. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 5

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear isteach tagairt don liosta de chineálacha géiniteacha atá formheasta ag an Aireacht Talmhaíochta, Biafhlaithis agus Foraoiseachta.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

6. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 6

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír, den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.3 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear cosc ar fheoil a úsáid ó chollaigh agus ó chránacha agus ó mhuca ina bhfuil saintréithe neamhfhabhracha (siondróm struis na muc).

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

7. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 7

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear isteach roinn shonrach maidir le 'Tógáil agus beathú'. Cuireadh céimeanna croineolaíocha traidisiúnta maidir le tógáil muc isteach: diúl, scoitheadh, fás agus méathú, agus ar an gcaoi sin an tagairt do ATFC Prosciutto di Parma agus do ATFC Prosciutto di San Daniele a ionadú.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

8. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 8

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear isteach na forálacha maidir le céim dhiúil na mbanbh, a bhfuil a fad, suas le 28 lá ar a laghad, i gcomhréir le forálacha Roinn C de Chaibidil II d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2008/120/CE. Cuireadh isteach tagairtí sonracha do bhainbh atá ar chíoch na cránach nó atá á mbeathú le bainne go saorga, do thabhairt amhábhar ceadaithe agus d'úsáid mianraí, forlíonta vitimíní agus aimíonaigéad, agus breiseán.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

9. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 9

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Leis an leasú, leagtar síos na modhanna agus an t-uainiú chun an cneasmharc tionscnaimh dúigh a chur ar dhá chos gach muc agus an cneasmharc gaolmhar agus samhlacha an phláta lena chur.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

10. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 10

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear isteach tábla tagartha ina léirítear an litir ba cheart a úsáid chun mí bhreithe an bhainbh a léiriú, atá le háireamh sa chneasmharc tionscnaimh.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

11. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 11

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Leis an leasú, tá an fhéidearthacht ann gairis aitheantais a úsáid in ionad an chneasmhairc tionscnaimh arna chur ag an bhfeirmeoir nó in éineacht leis an gcneasmharc tionscnaimh.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

12. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 12

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear isteach riail maidir le haois na muc a chinneadh i míonna.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

13. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 13

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír, den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.3 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear isteach forálacha maidir le céim an scoite na muc. Tugadh isteach rialacha a rialaíonn fad na céime sin, meáchan uasta na mbanbh agus beathú. Tugadh isteach tagairt do 'beatha thirim' a thabhairt, d'úsáid forlíonta vitimín, mianraí agus aimíonaigéid, agus do bhreiseáin a úsáid. Sonraíodh an tréimhse scoite, atá socraithe anois ag 3 mhí, agus socraíodh an uasteorainn meáchain do na bainbh ag 40 kg.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

14. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 14

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír, den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.3 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear isteach forálacha maidir leis an gcéim fáis, lena socraítear uastréimhse 5 mhí agus lena méadaítear an meáchan is féidir a bhaint amach ó 80 kg go 85 kg ag deireadh na céime.

Sonraíodh an tagairt do lamháltais ar amhábhair aonair i gcomhréir le hAirteagal 17(2)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2009, lena scriostar an tagairt don chéatadán 10 %. Cuireadh isteach go sainráite an fhéidearthacht don fheirmeoir an bheatha a thabhairt i bhfoirm thirim freisin.

Cuireadh isteach 'Tábla na n-amhábhar ceadaithe' agus tá sé le húsáid freisin don chéad chéim eile, i.e. méathú, ar áiríodh rialacha sonracha ina leith. Leasaíodh ainmneacha na n-amhábhar seo a leanas, agus an ainmníocht dá bhforáiltear i rialacha an Aontais Eorpaigh a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 68/2013, arna thabhairt cothrom le dáta le Rialachán (AE) 2017/1017, á cur san áireamh:

— ní thagraítear do 'arbhar Indiach' san Iodáilis a thuilleadh mar '*mais*' ach ina ionad sin mar '*granturco*';

— tagraítear do 'seimilín' anois mar 'min';

— tagraítear do 'min mheidic na mbó dhíhiodráitithe' anois mar 'meidic na mbó (triomaithe ag teocht ard)';

— ní thagraítear do 'asbhrúchán rois' in Iodáilis a thuilleadh mar '*expeller di lino*' ach ina ionad sin mar '*panello di lino*', agus cuireadh na nithe seo a leanas isteach leis: 'beatha asbhrúcháin rois', 'min rois', 'beatha mine rois';

— tagraítear do 'prabhait úll agus piorraí, craicne fíonchaor nó craicne trátaí mar iompróirí le haghaidh forlíontaí cothaitheacha'anois mar 'laíon torthaí agus laíon trátaí (prabhait trátaí) mar iompróirí réamh-mheasctha';

— tagraítear do'giosta bríbhéireachta agus/nó giosta torula'anois mar 'giostaí';

— tagraítear do 'min úsctha ginidín arbhair Indiaigh' (agus an focal '*mais*' á úsáid san Iodáilis) anois mar 'min ginidín arbhair Indiaigh' (agus an focal '*granturco*' á úsáid san Iodáilis);

— tagraítear do 'triosc driogaireachta' anois mar 'triosc tirim driogaireachta agus ábhair intuaslagtha'.

Baineadh na hamhábhair seo a leanas:

— 'carúib as a bhfuil na clocha bainte'

— 'líseáití próitéine'

— 'prátaí díhiodráitithe'

— ‘casabhach’

— ‘laíon biatais brúite agus sadhlasaithe’

— ‘min seasamain’

— ‘min úsctha cnó cócó’

— ‘min feola’.

Scriosadh an focal ‘coirce’ ón gcatagóir ‘mionghránaigh’.

Athraíodh cainníocht na n-amhábhar seo a leanas:

— ‘bláthach’ le haghaidh na céime fáis amháin (rud a athraíonn go 250 g ar a mhéad in aghaidh an chinn in aghaidh an lae d’ábhar tirim), gan dochar don fhíoras nár cheart ‘meadhg’ agus ‘bláthach’ a bheith níos mó ná 15 lítear in aghaidh an chinn in aghaidh an lae;

— ‘min glútain arbhair Indiaigh agus/nó beatha glútain arbhair’ (ó suas le 5 % go dtí suas le 10 %);

— ‘arbhar Indiach’ (ó suas le 55 % go dtí suas le 65 %);

— ‘sorgam’ (ó suas le 40 % go dtí suas le 55 %);

— ‘eorna’ (ó suas le 40 % go dtí suas le 55 %);

— ‘cruithneacht’ (ó suas le 25 % go dtí suas le 55 %);

— ‘triteacál’ (ó suas le 25 % go dtí suas le 55 %);

— ‘laíon biatais díhiodráitithe’ (ó suas le 4 % go dtí suas le 10 %);

— ‘meidic na mbó, triomaithe ag teocht ard’ (ó suas le 2 % go dtí suas le 4 %);

Cuireadh na hamhábhair seo a leanas isteach:

— ‘min glútain arbhair Indiaigh agus/nó beatha glútain arbhair’, le linn na céime méathaithe freisin;

— ‘sadhlas arbhair Indiaigh’, le linn na céime méathaithe freisin;

— ‘min arbhair Indiaigh lándéise’;

— ‘triosc tirim driogaireachta agus ábhair intuaslagtha’, le linn na céime méathaithe freisin;

— ‘beatha asbhrúcháin rois, min rois, beatha mine rois’;

— ‘lipidí a bhfuil leáphointe os cionn 36 °C acu’, le linn na céime méathaithe freisin;

— ‘táirgí a fhaightear le linn síol ráibe a úscadh’;

— ‘pónairí soighe iomlána tóstáilte agus/nó asbhrúchán soighe’, le haghaidh na céime fáis amháin.

Roinneadh an t-amhábhar ‘piseanna agus/nó síolta léagúim eile’ ina dhá iontráil: ‘piseanna’ agus ‘síolta léagúim eile’, agus méadaíodh na cainníochtaí (‘piseanna’ suas le 25 % agus ‘síolta léagúim eile’ suas le 10 %).

Maidir le ‘min gráin agus/nó déise arbhair’, sonraíodh go mbaineann sé sin le ‘gráin arbhair Indiaigh agus/nó dias arbhair’.

Tugtar ‘táirgí a fhaightear le linn pónairí soighe a úscadh’ ar ‘min úsctha soighe’ anois, agus rinneadh an céatadán úsáide le linn na gcéimeanna fáis agus méathaithe araon a chaighdeánú ag suas le 20 %.

Athraíodh ‘min lus na gréine’ go ‘táirgí a fhaightear le linn síolta lus na gréine a úscadh’, ar méadaíodh a n-úsáid go dtí suas le 10 %.

Leagtar síos i nóta 4 a ghabhann leis an tábla cion uasta amhshaille nach mó ná 2,5 % den ábhar tirim le haghaidh táirgí a fhaightear le linn pónairí soighe, síolta lus na gréine agus síol ráibe a úscadh.

Cuireadh isteach an rogha mianraí, vitimíní agus breiseáin a úsáid.

I nóta 2, rinneadh an sainmhíniú ar ‘thriosc tirim driogaireachta agus ábhair intuaslagtha’ níos soiléire.

I dteannta uasteorainn 2 % d'aigéad líonoiléach, tugtar isteach leis an leasú uasteorainn saille 5 % d'ábhar tirim na haiste bia.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

15. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 15

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír, den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.3 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear isteach an ceanglas go dtagann 50 % ar a laghad d'ábhar tirim na beatha muc, ar bhonn bliantúil, ón limistéar geografach ina dtógtar na muca.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

16. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 16

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír, den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.3 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, sna rialacha maidir le muca a bheathú a bhaineann leis an gcéim mhéathaithe, tagraítear ar ais don 'Tábla d'amhábhair cheadaithe' a áirítear sa chéim fáis, agus tá sonraíochtaí áirithe ann atá riachtanach don chéim mhéathaithe.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

17. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 17

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír, den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.3 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Tugtar isteach leis an leasú an roinn 'Marú agus gearradh na muc' agus athraítear foclaíocht na forála maidir le haois íosta na muice tráth a maraithe, gan í a leasú, í a nascadh leis an tseiceáil trí bhíthin an chneasmhairc tionscnaimh agus/nó an ghairis aitheantais a chuirtear in ionad an chneasmhairc tionscnaimh nó in éineacht leis, ar a dtugtar tuairisc sa chuid a bhaineann le beathú agus tógáil muc.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

18. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 18

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear isteach an critéar maidir le haois muc a ríomh chun críche maraithe.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

19. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 19

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír, den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.3 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, athraítear an tagairt do Salamini italiani alla cacciatora a tháirgeadh trí úsáid a bhaint as feoil ó chonablaigh throma muc - H Trom.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

20. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 20

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír, den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.3 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear an critéar maidir le meáchan conablaigh aonair idir 110,1 kg agus 180,0 kg in ionad an chritéir maidir le beomheáchan na muice 160 kg +/- 10 %.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

21. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 21

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Leis an leasú, sonraítear nach mór sonraí maidir le haicmiú meáchain agus conablaigh a fhionnadh tráth an mharaithe.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

22. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 22

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Leis an leasú, sonraítear go bhféadfar oibríochtaí gearrtha a dhéanamh freisin in ionaid spólta seachas an seamlas inar maraíodh na hainmhithe.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

23. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 23

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an tríú mír, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Scriosadh Airteagal 2(3) den tsonraíocht táirge.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

24. *Leasú ar Airteagal 3*

Leasú 24

Baineann an leasú le hAirteagal 3, an tríú mír, den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.3 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, athraítear cainníocht uasta na níotráite sóidiam agus/nó na níotráite potaisiam is féidir a úsáid (ó 195 go 150 csm.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

25. *Leasú ar Airteagal 4*

Leasú 25

Baineann an leasú le teideal Airteagal 4 den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear 'Modh táirgthe' in ionad an teidil 'Modh ullmhúcháin'.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

26. *Leasú ar Airteagal 6*

Leasú 26

Baineann an leasú le hAirteagal 6, an dara mír, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear *'settima'* [seachtú] in ionad an fhocail *'settimana'* [seachtain] gan substaint na forála a athrú.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

27. *Leasú ar Airteagal 7*

Leasú 27

Baineann an leasú le hAirteagal 7, an chéad mhír, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Leis an leasú, baintear an fhoráil maidir le gníomhaíocht rialaithe.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

28. *Leasú ar Airteagal 7*

Leasú 28

Baineann an leasú le hAirteagal 7, an dara mír, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Leis an leasú, baintear an fhoráil maidir le seiceálacha sláinte.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

29. *Leasú ar Airteagal 8*

Leasú 29

Baineann an leasú le teideal Airteagal 8 den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Athuimhrítear leis an leasú Airteagal 8 mar Airteagal 7.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

30. *Leasú ar Airteagal 8*

Leasú 30

Baineann an leasú le hAirteagal 8, an mhír dheireanach, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Baineadh na focail 'a luaitear in Airteagal 7'.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

31. *Airteagal nua a thabhairt isteach*

Leasú 31

Cuireadh Airteagal 8 nua isteach sa tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Cuireadh Airteagal 8 'Cruthúnas tionscnaimh' isteach sa tsonraíocht táirge agus luaitear ann gur gá faireachán a dhéanamh ar na páirtithe uile i slabhra táirgeachta an ATFC agus iad a chur faoi rialú an chomhlachta rialúcháin.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

32. *Airteagal nua a thabhairt isteach*

Leasú 32

Cuireadh Airteagal 9 nua isteach sa tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Cuireadh Airteagal 9 'Nasc leis an gcomhshaol' isteach sa tsonraíocht táirge agus léiríonn sé an fhaisnéis a tugadh cheana sa doiciméad aonair a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* 2019/C 359/04 an 23.10.2019.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta

1. **Ainm nó ainmneacha (ATFC nó TGFC)**

'Salamini italiani alla cacciatora'

2. **Ballstát nó Tríú Tír**

an Iodáil

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó táirge bia**

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 16 — ULLMHÓIDÍ FEOLA, ÉISC, CRÚSTACH, MOILEASC NÓ INVEIRTEABRACH UISCEACH EILE NÓ FEITHIDÍ

1601 — Ispíní agus táirgí comhchosúla, ó fheoil, scairteach feola, fuil nó feithidí; ullmhóidí bia bunaithe ar na táirgí sin

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Nuair a scaoiltear 'Salamini italiani alla cacciatora' lena thomhailt, ní mór na saintréithe orgánaileipteacha, ceimiceacha, ceimi-fhisiceacha agus micribhitheolaíocha seo a leanas a bheith ann:

Tréithe orgánaileipteacha:

cuma sheachtrach: cruth sorcóireach;

uigeacht: dlúth agus gan bheith lingeach;

an chuma nuair a ghearrtar é: slisní aonfhoirmeacha agus dlútha gan aon loingeán infheicthe;

dath: dath aonfhoirmeach dearg an rúibín le gráinníní saille atá dáilte go cothrom;

dea-bholadh: éadrom agus sainiúil;

blas: éadrom agus séimh, gan bheith aigéadach riamh.

saintréithe ceimiceacha agus ceimi-fhisiceacha:

próitéin iomlán: 20 % ar a laghad;

cóimheas collaigine/próitéine: 0,15 ar a mhéad;

cóimheas uisce/próitéine: 2,30 ar a mhéad;

cóimheas saille/próitéine: 2,00 ar a mhéad;

pH: 5,3 ar a laghad.

Saintréithe micribhitheolaíocha:

cion miocróib mheisifiligh: > 1 x 10^7 aonad déanta coilíneachta/gram, ina bhfuil baictéir agus cocais aigéid lachtaigh forleathan.

Ní bhíonn trastomhas an táirge deiridh níos mó ná 60 mm, ní bhíonn sé níos mó ná 200 mm ar fad agus ní bhíonn meáchan níos mó ná 350 g ann.

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

Beatha

Tagann na hamhábhair le haghaidh na muc ón limistéar geografach ina dtógtar iad agus tá saintréithe cáilíochta iontu atá oiriúnach do bheathú sláintiúil agus ceart na n-ainmhithe. I mblianta áirithe, áfach, d'fhéadfadh sé nach mbeadh sé indéanta go teicniúil, ar chúiseanna a bhaineann leis an aeráid agus ar chúiseanna tráchtála, 100 % de na hamhábhair a fháil le haghaidh na muc go háitiúil. Sna cásanna sin, i gcomhréir le hAirteagal 47(2) de Rialachán (AE) 2024/1143, chun an nasc leis an gcríoch agus cáilíocht Salamini italiani alla cacciatora a ráthú, áirithítear i gcónaí gur ón limistéar geografach tógála a thagann 50 % ar a laghad d'ábhar tirim na n-amhábhar le haghaidh na muc, ar bhonn bliantúil. Is féidir an bheatha a thabhairt i bhfoirm leachta agus i bhfoirm thirim araon.

Le linn na céime scoite, is éard atá san aiste bia na hamhábhair a cheadaítear le reachtaíocht an Aontais maidir le beostoc a bheathú. Féadfar aiste bia na muc a fhorlíonadh le vitimíní, mianraí agus aimíonaigéid, agus féadfar breiseáin a úsáid i gcomhréir leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm.

Ceadaítear na hamhábhair seo a leanas le linn na céime fáis: min glútain arbhair agus/nó beatha glútain arbhair, arbhar Indiach, sorgam, eorna, cruithneacht, triteacál, sadhlas grán buí, min arbhair Indiaigh lándéise, min ghráin bhuí, agus/nó min déise arbhair, mionghránaigh, bran cruithneachta agus seachtháirgí eile ó phróiseáil cruithneachta, asbhrúchán rois, beatha asbhrúcháin rois, min rois, beatha mine rois, laíon biatais díhiodráitithe, laíon torthaí nó laíon tráta (prabhait trátaí) mar iompróirí réamh-mheascáin, meadhg, bláthach, triosc tirim driogaireachta agus ábhair intuaslagtha, meidic na mbó (triomaithe ag teocht ard), molás, táirgí a fhaightear le linn síolta lus na gréine a úscadh, táirgí a fhaightear le linn síolta ráibe a úscadh, min ginidín arbhair Indiaigh, piseanna, síolta léagúim eile, giostaí, lipidí a bhfuil leáphointe os cionn 36 °C acu, min éisc, agus pónairí soighe iomlána tóstáilte agus/nó asbhrúchán soighe.

Ní mór na sonraíochtaí seo a leanas a chur san áireamh freisin i mbeatha le linn na céime fáis: féadfar an aiste bia a fhorlíonadh le vitimíní agus mianraí, agus féadfar breiseáin a úsáid, i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais Eorpaigh atá i bhfeidhm; níor cheart an t-ábhar tirim ó ghránaigh a bheith níos lú ná 45 % den iomlán.

Le linn na céime méathaithe, ní mór na sonraíochtaí uile a leagtar síos le haghaidh na céime fáis a chomhlíonadh, cé is moite de na heisceachtaí seo a leanas: níor cheart an t-ábhar tirim ó ghránaigh a bheith níos lú ná 55 % den iomlán: níl na hamhábhair 'pónairí soighe iomlána tóstáilte agus/nó asbhrúchán soighe' agus 'min éisc' san áireamh.

Amhábhair

Tagann an t-amhábhar a úsáidtear chun 'Salamini italiani alla cacciatora' a tháirgeadh ó mhuca ón limistéar geografach ina dtógtar iad a leagtar síos i bpointe 4 arb iad sliocht na n-ainmhithe seo a leanas iad:

(a) collaigh de na pórtha traidisiúnta, is iad sin an Mhórmhuc Bhán Iodálach, an Mhuc Lanrásach Iodálach agus an Mhuc Duroc Iodálach, arna bhfeabhsú ag Leabhar Tréada na hIodáile, bídís ina muca folaíochta nó crosphóraithe idir na pórtha sin, agus cránacha de na pórtha traidisiúnta an Mhórmhuc Bhán Iodálach agus an Mhuc Lanrásach Iodálach, bídís ina muca folaíochta nó crosphóraithe idir na pórtha sin;

(b) collaigh de na pórtha traidisiúnta a luaitear in (a) agus cránacha crosphóraithe nó cránacha de chineálacha géiniteacha eile ar choinníoll go bpóraítear iad faoi scéimeanna roghnaithe agus/nó crosphóraithe ina bhfuil na pórtha an Mhórmhuc Bhán, an Mhuc Lanrásach nó an Mhuc Duroc chun muca troma a tháirgeadh, agus aidhmeanna na scéimeanna sin comhoiriúnach le haidhmeanna Leabhar Tréada na hIodáile;

(c) collaigh agus cránacha de chineálacha géiniteacha eile ar choinníoll go bpóraítear iad faoi scéimeanna roghnaithe agus/nó crosphóraithe ina bhfuil na pórtha an Mhórmhuc Bhán, an Mhuc Lanrásach nó an Mhuc Duroc chun muca troma a tháirgeadh, a bhfuil aidhmeanna na scéimeanna sin comhoiriúnach le haidhmeanna Leabhar Tréada na hIodáile;

(d) collaigh de na cineálacha géiniteacha eile a luaitear in (c), agus cránacha de na pórtha traidisiúnta dá dtagraítear in (a).

Ní fhéadfar feoil ó na nithe seo a leanas a úsáid:

— collaigh agus cránacha;

— muca a bhfuil saintréithe neamhfhabhracha iontu, go háirithe soghabháltacht i leith struis (Siondróm Struis na Muc nó PSS).

Is é 9 (naoi) mí aois íosta na muc tráth a maraithe. Maidir leis an fheoil atá le húsáid, ní mór gur de thionscnaimh conablaigh arna ghrádú mar H Trom i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais Eorpaigh atá i bhfeidhm í, a bhfuil meáchan conablaigh idir 110,1 kg ar a laghad agus 180,0 kg ar a mhéad iontu.

Déantar 'Salamini italiani alla cacciatora' as feoil thrua ó mhatán stríocach ó chonablaigh muc, saill muice chrua, salann, píosaí piobair agus/nó piobar meilte, agus gairleog.

Ní féidir feoil díchnámhaithe go meicniúil a úsáid.

Féadfar an méid seo a leanas a chur isteach: fíon, siúcra agus/nó deastrós agus/nó fruchtós, saothráin tosaitheora coipthe, níotráit sóidiam agus/nó photaisiam suas le 150 csm ar a mhéad, nítrít sóidiam agus/nó potaisiam suas le 95 csm ar a mhéad, aigéad ascorbach agus a shalann sóidiam.

3.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Tá na céimeanna seo a leanas i gceist le próiseáil 'Salamini italiani alla cacciatora': na hamhábhair a ullmhú, mionú, fuineadh, na cásálacha a líonadh, triomú agus aibiú.

3.5. *Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Féadfar 'Salamini italiani alla cacciatora' a dhíol i mbulc, i bpacáistiú folúis nó atmaisféir mhodhnaithe, iomlán, gearrtha nó slisnithe.

Ní mór an pacáistiú a dhéanamh sa limistéar táirgeachta a leagtar síos i bpointe 4.

3.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint 'Salamini italiani alla cacciatora' a bheith le feiceáil i litreoireacht ar leith, doscriosta, is féidir a idirdhealú go soiléir ó aon téacs eile ar an lipéad, agus ní mór na focail 'Denominazione di origine protetta' ['Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint'] a chur go díreach ina dhiaidh. Sa chás ina bhfuil sé beartaithe an táirge a chur ar mhargaí idirnáisiúnta, féadfar na focail 'Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint' a thabhairt i dteanga na spriocthíre.

Tá toirmeasc ar aon tuairisc a chur isteach nach bhforáiltear go sainráite ina leith.

Mar sin féin, ceadaítear úsáid ainmneacha, trádainmneacha agus brandaí príobháideacha, ar choinníoll nach bhfuil aon chiall mholta leo agus nach gcuirfidís an ceannaitheoir amú. Féadfar ainmneacha na bhfeirmeacha muc as a dtionscnaíonn an táirge a úsáid freisin, ar choinníoll gur ó na feirmeacha sin amháin a thagann an t-amhábhar.

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Táirgtear 'Salamini italiani alla cacciatora' sa limistéar táirgeachta traidisiúnta, a chuimsíonn críoch iomlán na réigiún seo a leanas arb iad na réigiúin as a dtagann na muca freisin: Friuli-Venezia Giulia, Veneto, an Lombaird, Píodmant, Emilia-Romagna, Umbria, an Tuscáin, Marche, Abruzzo, Lazio agus Molise.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá saintréithe sa táirge sin a bhfuil ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint aige atá múnlaithe ag an gcomhshaol agus ag tosca nádúrtha agus daonna. Go háirithe, baineann airíonna an amhábhair go sonrach leis an macrairéigiún geografach sainithe, atá díreach mar an gcéanna leis an limistéar táirgeachta. Tá dlúthnasc idir an t-amhábhar, an táirge agus an t-ainmniúchán agus an fhorbairt shocheacnamaíoch a tharla sa limistéar sin. Chruthaigh forbairtí i bhfeirmeoireacht gránach agus i dteicneolaíocht próiseála bainne dálaí a d'oir go háirithe don chineál sin táirgthe, a thug i dtreis sna limistéir a bhí ag gabháil go traidisiúnta de chineálacha áirithe feirmeoireachta muc. Tháinig forbairt ar fheirmeoireacht muc i lár agus i dtuaisceart na hIodáile le himeacht ama, agus sa chéad seo caite tháinig tionscal táirgthe nua-aimseartha chun cinn in Emilia-Romagna agus sa Lombaird, a scaip ansin go ceantair chomharsanacha i dtuaisceart agus i lár na hIodáile. Go háirithe, mar gheall ar an aistriú ó phórtha dúchasacha go pórtha speisialaithe (a cruthaíodh freisin trí chrosphórtha le pórtha áitiúla), tá an t-amhábhar (conablaigh muc) níos oiriúnaí do cheanglais an tionscail próiseála bia i dtéarmaí cáilíochtaí sonracha an táirge deiridh a áirithiú, lena n-áirítear a shaintréithe orgánaileipteacha.

Tá an cháil atá ar ‘Salamini italiani alla cacciatora’ nasctha lena limistéar táirgeachta traidisiúnta. Bunaithe ar chuntais ó bhéal, is féidir táirgeadh a rianú siar go dtí ionraí na Lombairde i dtuaisceart na hIodáile, ónar scaip sé go dtí ceantair chomharsanacha i lár na hIodáile. De réir a chéile tháinig an limistéar táirgeachta chun bheith comhdhéanta den ghrúpa réigiún ina bhfaightear muc throm na hIodáile de ghnáth. Tá stair an táirge nasctha le forbairt cultúir tuaithe shonraigh ar fud an mhacrairéigiúin ar fad ar a dtugtar ‘Padania’ (ainm eile ar Ghleann Po). Déantar an t-amhábhar a thagann ón réigiún sin agus ó roinnt réigiún cóngarach a phróiseáil de réir traidisiún seanbhunaithe a bhaineann go sonrach leis an táirge sin. Tá tagairtí stairiúla do ‘Salamini italiani alla cacciatora’ le fáil i dtraidisiúin chócaireachta ón Lombaird a mhaireann fós sa lá atá inniu ann. Tugann an t-ainm na laethanta nuair a chuireadh sealgairí cuid den salámaí ina saitsilí don lá agus iad amuigh ag sealgaireacht (ciallaíonn ‘alla cacciatora’ ‘stíl sealgaire’) chun cuimhne. Le déanaí, áiríodh an t-ainmniúchán i gcomhaontuithe déthaobhacha a shínigh an Iodáil leis an bhFrainc, leis an nGearmáin, leis an Spáinn agus leis an Ostair chun tásca bunáitíochta, ainmniúcháin tionscnaimh agus ainmniúcháin gheografacha eile atá forchoimeádta do tháirgí de thionscnamh ithir na hIodáile a chosaint.

Tagairt d’fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://www.politicheagricole.it/flex/cm/pages/ServeAttachment.php/L/IT/D/1%252F3%252F7%252FD.a984bf4df36313ff1bbc/P/BLOB%3AID%3D18907/E/pdf?mode=download